

SEÁN NA SGOILE (SEÁN MAC DONNCHADHA)

Bhí sé ina chomhnaidhe san Áird Thiar. An teach beag a bhí aige bhí simléar ina cheann. Ní raibh aon tslighe aige ach an sgilling a d'fghadh sé ón duine a mbíodh sé aige, agus an duine nach mbíodh in acfuinn a' tabhairt mála fataí chuige mar luach saothair ar na sgoiláirí a mhúineadh. Sa teach beag a bhíodh an sgoil aige. i gceann leathbhliana ansin nuair a bhíodh punt airgid cruinnithe aige ba mhaith leis cuairt a thabhairt ar a mhuintir. Bhídís ag súil leis, go dtiocfadh sé faoi cheann seachtaine. Nuair nach bhfeicidís é bhídís a cheapadh gurbh é a chailleadh a déantaoi. Faoi cheann sé seachtainí thagadh Seán agus a mhí príosúntachta curtha isteach aige le meisge agus bualadh peelers. Séard deireadh sé nach ndeachaidh aon fhear ariamh tríd an oiread ó chonaiceadar cheana é.

Sgoil Béarla uiliug a bhí aige. Bhí sé ina thogha Gaeilgeora. Anoir a thainig Seán na Sgoile. Cailleadh é 55 bliain ó shoin.